2024/3164

19.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3164 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 992/95 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí an Aontais le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na hIorua

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 992/95 ón gComhairle an 10 Aibreán 1995 lena n-osclaítear taraif-chuótaí Comhphobail le haghaidh táirgí talmhaíochta agus iascaigh áirithe de thionscnamh na hIorua ([1]) agus lena ndéantar foráil maidir lena riar, agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2024, tugadh Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua i gcrích a bhaineann le forálacha speisialta is infheidhme maidir le hallmhairiú táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na hIorua isteach san Aontas ([2]).

(2) Déantar foráil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Breise maidir le taraif-chuótaí saor ó dhleacht i ndáil le scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 992/95.

(3) Tiocfaidh an Prótacal Breise i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2025 ós rud é gurb é sin an chéad lá den tríú mí tar éis thaisceadh na hionstraime daingniúcháin deiridh i gcomhréir le hAirteagal 5.2 de. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach.

(4) Leis na taraif-chuótaí bliantúla a leagtar amach sa Phrótacal Breise, cumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 30 Aibreán 2028. Tá méideanna na dtaraif-chuótaí nár úsáideadh lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Bealtaine 2021 go dtí an 31 Nollaig 2024 le leithdháileadh go comhréireach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 30 Aibreán 2025 agus ina dhiaidh sin go bliantúil ón 1 Bealtaine go dtí an 30 Aibreán gach bliain go dtí deireadh na tréimhse.

(5) Déantar foráil leis an bPrótacal Breise maidir le haistriú mhéideanna cuótaí carntha na dtaraif-chuótaí sin nár úsáideadh ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain tar éis dheireadh a chur i bhfeidhm ach nach faide ná cur i bhfeidhm sealadach aon phrótacail ina dhiaidh sin lena mbunaítear cuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna.

(6) Ba cheart don Choimisiún na taraif-chuótaí a bhainistiú ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí ar a nglactar leis na dearbhuithe custaim i ndáil le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir leis na rialacha maidir le bainistiú taraif-chuótaí a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([3]).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 992/2008 a leasú dá réir sin.

(8) Chun a áirithiú go mbeidh na taraif-chuótaí ar fáil ón dáta a thiocfaidh an Prótacal Breise i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, ba cheart feidhm a bheith ag na taraif-chuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo ón 1 Eanáir 2025. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

([1]) IO L 101, 4.5.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/992/oj.
([2]) Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua (IO L, 2024/2600, 8.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2024/2600/oj).
([3]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 992/95 mar a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'The tariff quotas with order numbers 09.0860 to 09.0871 shall cover the period from 1 May 2021 to 30 April 2028. I gcás nach n-ídeofar na taraif-chuótaí le linn na tréimhse sin, agus i gcás nach gcuirfear i bhfeidhm go sealadach aon phrótacal ina dhiaidh sin lena mbunófar taraif-chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna, féadfar allmhairiú ón Iorua a dhéanamh i leith an mhéid cuótaí comhiomlánaithe a bheidh fágtha de na taraif-chuótaí sin go ceann tréimhse suas le 2 bhliain tar éis dheireadh thréimhse an chur i bhfeidhm seo, ach ní féidir é a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná cur i bhfeidhm sealadach prótacail ina dhiaidh sin lena mbunaítear taraif-chuótaí saor ó dhleacht le haghaidh na dtáirgí céanna.';

(2) in Iarscríbhinn I tar éis shraithuimhir 09.0820, cuirtear isteach an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Nollaig 2024

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Sraithuimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheáchain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09,0860	0303 51 00		Scadáin (*Clupea harengus, Clupea pallasii*), reoite, gan aenna ná eochraí san áireamh	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	17 500	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	52 500	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	52 500	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	52 500	
09,0861	0303 55 90		Bolmáin reoite '*Trachurus spp.*' (seachas bolmán Atlantach agus bolmán sileach)	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	3 500	0
	0303 59 90		Ronnaigh Indiacha reoite '*Rastrelliger spp.*', ronnaigh '*Scomberomorus spp.*', bolmáin *crevalle* '*Caranx spp.*', poimfréid airgid '*Pampus spp.*', preabaire an Aigéin Chiúin '*Cololabis saira*', gabhair '*Decapterus spp.*', caibealláin '*Mallotus villosus*', boiníotónna '*Sarda spp.*', mairlíní, colgáin na ndealg agus gaithéisc '*Istiophoridae*'	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	10 500	
	0303 69 90		Éisc reoite de na finte *Bregmacerotidae, Euclichthyidae, Gadidae, Macrouridae, Melanonidae, Merlucciidae, Moridae* agus *Muraenolepididae* (seachas troisc, cadóga, glasáin, colmóirí, mangaigh Alascacha, faoitíní gorma, troisc pholacha (*Boreogadus saida*), faoitíní, mangaigh, gránadóirí gorma agus langaí)	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	10 500	
	0303 82 00		Roic agus sciataí reoite '*Rajidae*'	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	10 500	
	0303 89 90		Éisc reoite, nach bhfuil sonraithe aon áit eile.			

Sraithuimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheáchain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09,0862	0304 86 00	**10**	Filléid reoite scadán '*Clupea harengus, Clupea pallasii*'	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	45 500	0
	0304 99 23		Flapaí reoite agus feoil 'bídís mionaithe nó ná bídís' scadán '*Clupea harengus, Clupea pallasii*'	Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	136 500	
	ex 0304 49 90		Filléid úra nó fhuaraithe scadán	Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	136 500	
	0304 59 50		Flapaí úra nó fuaraithe scadán	Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	136 500	
09,0863	0309 10 00		Plúir, min agus millíní éisc, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	700	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	2 100	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	2 100	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	2 100	
					An glanmheáchan draenáilte	0
09,0864	1604 12 91 1604 12 99		Scadáin, spíosraithe agus/nó fínéagarleasaithe, faoi sháile	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	19 600	
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	58 800	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	58 800	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	58 800	
09,0865	1605 21 10 1605 21 90 1605 29 00		Séaclaí agus cloicheáin, scafa agus reoite, ullmhaithe nó leasaithe	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	4 900	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	14 700	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	14 700	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	14 700	

Sraithuimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheáchain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09,0866	1604 11 00		Bradán ullmhaithe nó leasaithe, é ina iomlán nó ina phíosaí, ach gan bheith mionaithe	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	875	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	2 625	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	2 625	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	2 625	
09,0867	0305 41 00		Bradán deataithe, lena n-áirítear filléid éisc, seachas scairteach éisc inite	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	1 750	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	5 250	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	5 250	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	5 250	
09,0868	0306 16 99 0306 17 93		Séaclaí reoite *Pandalidae*	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	700	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	2 100	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	2 100	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	2 100	
09,0869	0302 19 00 0302 22 00 0302 43 90 0302 59 20 0302 59 30 0302 81 15 0302 89 31 0302 91 00 0302 99 00		Éisc úra nó fhuaraithe agus scairteach éisc	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	3 570	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	10 710	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	10 710	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	10 710	

Sraithuimhir	Cód AC	Foroinn TARIC	Tuairisc ar tháirgí	Tréimhse an chuóta	Méid an chuóta (ina thonaí glanmheáchain mura sonraítear a mhalairt)	Dleacht an chuóta (%)
09,0870	0303 19 00 0303 53 90 0303 89 31 0303 89 39 0303 91 90 0303 99 00		Éisc reoite agus scairteach éisc	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	4 795	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	14 385	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	14 385	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	14 385	
09,0871	0304 52 00 0304 73 00 0304 99 21 0304 99 99		Filléid éisc úra, fhuaraithe nó reoite	Ón 1.1.2025 go dtí an 30.4.2025	2 520	0
				Ón 1.5.2025 go dtí an 30.4.2026	7 560	
				Ón 1.5.2026 go dtí an 30.4.2027	7 560	
				Ón 1.5.2027 go dtí an 30.4.2028	7 560	